Statement of Stat Artwork-Annex1/Irish:Layout 1 07/03/2008 14:22 Page 1

Roinn Talmhaíochta, Iascaigh agus Bia

# Ráiteas Straitéise 2008-2010

## Imleabhar II
## Iarscríbhinní



# Iarscríbhinn 1


## CLÁR DON RIALTAIS

| Uimh | Gealltanas PfG | Gníomh Straitéiseach | An Roinn Ceannais & Príomh-Naisc |
|---|---|---|---|
| | **Idirbheartaíochta agus Dúshláin Dhomhanda** | | |
| 1 | An leibhéal tacaíochta is airde is féidir a bhaint amach don earnáil fheirmeoireachta ag leibhéil AE agus WTO. | 1.2 | **D/AFF**<br>Roinn an Taoisigh, SCA, D/ETE, Comhairle na nAirí |
| 2 | Leanúint le híocaíochtaí díreacha le feirmeoirí a chosaint, a chinntiú go ndéileáiltear le fóirdheontais onnmhairithe ar bhlealach atá cothrom agus cothromasach, agus an riachtanas a bhaineann le saincheisteanna neamhthrádala a bheith mar pháirt d'aon bheartaíocht thrádála eile a chur chun cinn. | 1.2, 4.1 | **D/AFF**<br>Roinn an Taoisigh, SCA, D/ETE, Comhairle na nAirí |
| 3 | Gach a bhfuil riachtanach a dhéanamh le tomhaltóirí in Éirinn a chosaint ó allmhairithe táirgíocht thalmhaíochta nach gcloíonn leis na caighdeáin chéanna a éilítear ar fheirmeoirí in Éirinn. | 2.1 | **D/AFF**<br>FSAI |
| 4 | Grúpa straitéiseach ardleibhéal idir-ranna a bhunú a mbeidh sé mar ról aige, ar bhonn leanúnach, margaí nua thar lear do tháirgí bia agus dí na hÉireann a aithint agus oibriú le rochtain a éascú agus leis an leas is mó agus is féidir a bhaint astu. | 1.3 | **D/AFF**<br>D/ETE, D/FA, An Roinn Airgeadais, D/EHLG, D/CENR, D/H & C |
| 5 | Cur le maoiniú an Bhoird Bia chun táirgí bia agus talmhaíochta na hÉireann a chur chun cinn thar lear | 1.6 | **D/AFF**<br>An Roinn Airgeadais<br>Bord Bia |
| 6 | Infheistíocht a dhéanamh chun iomaíochas a fheabhsú, ár gcomhshaol a fheabhsú agus éagsúlú a chur chun cinn ar an bhfeirm agus den fheirm. | 1.1 &1.4, 1.8 | **D/AFF**<br>Bord Bia<br>Teagasc<br>COFORD |

| Uimh | Gealltanas PfG | Gníomh Straitéiseach | An Roinn Ceannais & Príomh-Naisc |
|---|---|---|---|
| | **Feirmeacha Teaghlaigh** | | |
| 7 | A chinntiú go mbíonn an tsaoirse ag feirmeoirí feirmeoireacht agus go bhfuil rochtain acu ar na tacaíochtaí ar fad atá riachtanach, araon, is cuma cibé slí a roghnaíonn siad. | 1.1, 3.1 | **D/AFF**<br>Teagasc<br>COFORD |
| 8 | Scéim Infheistíochta Ar An bhFeirm nua a thabhairt isteach, ar a n-áireofar infheistíocht i dtithíocht, láimhseáil agus saoráidí gaolmhara. | 3.3 | **D/AFF** |
| 9 | An Clár Forbartha Tuaithe a fheidhmiú go hiomlán ionas go bhfaigheadh feirmeoirí tairbhe iomlán as na híocaíochtaí méadaithe agus as na scéimeanna nua. | 1.1 | **D/AFF** |
| 9a | Leanúint le tacaíocht a thabhairt d'fheirmeoirí ar ioncam íseal tríd an Scéim Cúnaimh Feirme agus oiriúnú a dhéanamh do chomhairliúchán leis na heagraíochtaí feirme inti. | **D/SFA** | **D/SFA** |
| 10 | Bearta a fheidhmiú, ar a n-áirítear bearta cánachais, chun cuidiú le feirmeoirí an méid is féidir a chur lena n-ioncam ón fheirmeoireacht agus leis na struchtúir agus an scála is fearr a bhaint amach. | 3.1 & 3.2 | **D/AFF**<br>An Roinn Airgeadais |
| 11 | Tuilleadh cur chun cinn a dhéanamh ar Leasa REPS agus ráta rannpháirtíochta de 70,000 feirmeoir a bhaint amach. | 3.3 | **D/AFF**<br>Teagasc |
| 12 | Sprioc a leagan síos chun ar a laghad 5% d'acraíocht a aistriú go talamh feirme orgánach faoi 2012. | 3.4 | **D/AFF**<br>Teagasc |
| 13 | Bille Sláinte Ainmhithe nua a thabhairt isteach agus an reachtaíocht roimhe seo a chomhdhlúthú agus a leasú cun stádas galar ainmhithe ár náisiún atá athraithe a léiriú. | 2.3 &1.9 | **D/AFF**<br>A.G. |
| 14 | Bithshlándáil Éireann" a bhunú mar rannán laistigh den Roinn Talmhaíochta agus Bia leis an bhfreagracht a chinntiú go gcoinneofar amach, go ndíothófar nó go ndéanfar bainistíocht éifeachtach ar rioscaí a chothaíonn galair agus lotnaidí don gheilleagar, don chomhshaol agus do shláinte daonna agus do shláinte ainmhithe. | 2.2 | **D/AFF**<br>D/H & C<br>Na Coimisinéirí Ioncaim<br>D/JELR |
| 15 | Féachaint le hidirbheartaíocht a dhéanamh le Crios Saor Géinathraithe Uile Éireann a bhunú | 3.10 | **D/EHLG**<br>D/H&C, D/AFF D/ETE |

| Uimh | Gealltanas PfG | Gníomh Straitéiseach | An Roinn Ceannais & Príomh-Naisc |
|---|---|---|---|
| | **Ag Díriú ar an Tomhaltóir.** | | |
| 16 | Tuilleadh leasa a bhaint as acmhainn na gcóras inriantachta animhnithe atá ann cheana ar mhaithe le margaíocht agus le lipéadú a dhéanamh ar tháirgí bia. | 2.8 | **D/AFF**<br>D/H & C<br>Bord Bia<br>Coimisiún an AE |
| 17<br>&<br>14 | An lipéadú bia éigeantach "tír bhunaidh" a leathnú go dtí caoireoil, muiceoil agus feoil éanlaithe.<br><br>Riachtanais lipéadú "tír a bhunaidh" a leathnú i leith muiceoil agus feoil éanlaithe. | 2.8 | **DG Sanco**<br>D/H & C<br>D/AFF |
| 18 | Feasacht chothaithe a mhéadú mar chuid dár bhfógraíocht agus margaíocht bhia trí lipéadú cothaithe agus calrach a fhorbairt. | 1.7 | **D/H & C**<br>Bord Bia<br>D/AFF |
| 19 | Brostóimid seachadadh na Straitéise Náisiúnta le Tabhairt faoin Raimhre agus méadóimid tacaíocht chun roghanna bia sláintiúla a chur chun cinn i measc daoine óga trí chláir ar nós an Scéim Bainne Scoile agus an Clár *Food Dudes* le tomhaltas níos mó torthaí agus glasraí a spreagadh. | 5.11, 1.7 | **D/H & C, D/AFF,**<br>Bord Bia |
| | **Leasa Ainmhithe** | | |
| 20 | Na caighdeáin is airde leasa ainmhithe a chur chun cinn ag gach leibhéal den bhiashlabhra táirgíochta. | 2.5 | **D/AFF** |
| 21 | Bille Leasa Ainmhithe cuimsitheach a thabhairt isteach a thugann an reachtaíocht atá ann cheana cothrom le dáta, le cinntiú go bhfuil leasa ainmhithe á gcosaint i gceart agus go méadaítear go mór na pionóis do chiontóirí. | 2.5 | **D/AFF**<br>A.G. |
| 22<br>&<br>33 | Leanúint le forbairt agus leathnú na mbeartas sláinte tréada leis na caighdeáin is airde de leasa ainmhithe a chinntiú. | 2.5 | **D/AFF** |
| | Tionscnaimh Sláinte Tréada nua a thabhairt isteach le déileáil le galair neamhrialaithe. | 2.3 | **D/AFF** |

| Uimh | Gealltanas PfG | Gníomh Straitéiseach | An Roinn Ceannais & Príomh-Naisc |
|---|---|---|---|
| 23 | Ag tabhairt san áireamh a léibhéal saineolais tréidliachta agus leasa, freagracht do leasa gach ainmhí a chomhdhlúthú laistigh den Roinn Talmhaíochta agus Bia (ar a n-áirítear ainmhithe nach ainmhithe feirme iad). | 2.4 | **D/AFF**<br>D/EHLG<br>An Roinn Dlí<br>A.G.<br>D/H & C |
| 24 | Athbhreithniú agus comhdhlúthú a dhéanamh san áit atá riachtanach ar an reachtaíocht ar fad a rialaíonn leasa ainmhithe nach ainmhithe feirme iad. | 2.4 | **D/AFF**<br>A.G |
| 25 | Leanúint le brú a chur maidir le leasa agus le saincheisteanna neamhthrádála eile a bheith san áireamh in idirbheartaíochta an WTO. | 1.1 | **D/AFF**<br>M.S. |
| | **Earnáil na Mairteola** | | |
| 26 | A chinntiú go ndéantar uasghrádú suntasach ar shaoráidí próiseála Mairteola na hÉireann trí leathadh amach ár gcláir infheistíochta €50 milliún. | 1.1 | **D/AFF & Fiontraíocht Éireann** |
| 27 | Leanúint le tacú leis an Scéim Leasa agus Ardchaighdeáin an Tréad Diúil lena chinntiú go ndéantar cothabháil ar an tréad ag an leibhéal is airde. | 1.1 | **D/AFF** |
| 28 | A chinntiú go gcuirtear chun cinn go bríomhar ár gcaighdéain arda sábháilteachta bia, ár n-ardchaighdeán lipéadú agus inriantachta le buntáiste iomaíoch a sholáthar i gcoinne allmhairithe ar chostas íseal. | 2.8 | **D/AFF & Bord Bia** |
| 29 | Leanúint le tabhairt faoi gan staonadh na sochair is fearr a fháil ón margadh tríd an mBord Bia, i gcomhar le hiarrachtaí polaitiúla agus taidhleoireachta. | 1.8 | **Bord Bia,**<br>D/AFF |



| Uimh | Gealltanas PfG | Gníomh Straitéiseach | An Roinn Ceannais & Príomh-Naisc |
|---|---|---|---|
| | **Earnáil na Déiríochta** | | |
| 30 | Cuidiú le hearnáil phróiseála éifeachtúil a chruthú le súil le buntáiste iomaíoch tréimhse níos faide a bhaint amach di lenár bpacáiste infheistíochta €100 milliún. | 1.1 | **D/AFF & Fiontraíocht Éireann** |
| 31 | Maoiniú taighde agus forbartha a mhéadú do thionscadail san earnáil leis an leas is mó a bhaint as a cumas i leith táirgí nua. | 1.5 | **D/AFF**<br>An Roinn Airgeadais |
| 32 | An Scéim Sláinteachais Déiríochta a fheabhsú le córais bheathaithe a thabhairt san áireamh agus tairsí a ardú do threalamh bleáin agus d'umair bhainne. | 1.1 | **D/AFF** |
| | **Earnáil na Caoireola** | | |
| 34 | Moltaí Ghrúpa Straitéise Thionscail na Caoireola a fheidhmiú go hiomlán. | 1.1 | **D/AFF**<br>Tionscail |
| 35 | Tacaíochtaí a mhéadú d'fheabhsúcháin thógála agus do chóiríocht do chaoirigh. | 1.1 | **D/AFF** |
| 36 | Tacú le Clár Dearbhaithe Cáilíochta, cuidiú le cur chun cinn agus le láidriú lipéadú le súil le páirt níos leithne agus níos doimhne sna margaí baile agus AE a chinntiú. | 1.1, 1.7,1.8 | **Bord Bia**<br>D/AFF |
| 37 | Infheistíocht a dhéanamh i gclár le saoráidí próiseála a uasghrádú | 1.1 | **D/AFF** |
| | **An Earnáil Ghránaigh, Muiceola agus Éanlaithe** | | |
| 38 | Cuidiú agus leathnú a dhéanamh ar na Scéimeanna Dearbhaithe Cáilíochta sna hearnálacha sin. | 1.1, 1.7 & 1.8 | **Bord Bia**<br>D/AFF |
| 39 | Cuidiú le stóráil arbhair ar fud an Chláir Feabhsúcháin Feirme. | 3.3 | **D/AFF** |



| Uimh | Gealltanas PfG | Gníomh Straitéiseach | An Roinn Ceannais & Príomh-Naisc |
|---|---|---|---|
| | **Gairneoireacht** | | |
| 41 | Oibriú leis na saothróirí, le leanúint le tacú le malartaíocht allmhairithe san earnáil torthaí agus glasraí. | 1.1 | **D/AFF** |
| | **Foraoiseacht** | | |
| 42 | Cultúr éagsúlú foraoiseachta a chur chun cinn leis an mbéim ar chrainn dhúchasacha. | 3.5 | **D/AFF**<br>COFORD |
| 43 | A chinntiú go leanann an fhoraoiseacht ag tabhairt sruth ioncaim thábhachtach d'fheirmeoirí tríd an Scéim Préimhe Foraoiseachta ar cuireadh go mór léi faoin bpróiseas comhpháirtíochta. | 3.5 | **D/AFF** |
| 44 | Deiseanna nua margaíochta a fhorbairt do thanú atá ceangailte leis an riachtanas ar fhoinsí fuinnimh inathnuaite atá ag dul i méid. | 3.5., 3.9 | **D/AFF** |
| 45 | Plandáil foraoiseachta a chur chun cinn le héilimh táirgeadh bithmhais a mhéadú sna margaí tógála agus breosla agus 'slograch carbóin' a sholáthar le dul i ngleic le hathrú aeráide. | 3.9 | **D/AFF**<br>D/EHLG |
| 46 | Athbhreithniú a dhéanamh ar an Scéim Íocaíochtaí Comhshaoil Foraoise (FEPS) píolótach atá ar an mbealach le súil agus í a leathadh amach go hiomlán sna blianta atá romhainn. | 3.5 | **D/AFF** |
| 47 | Athbhreithniú a dhéanamh ar leibhéil na Préimhe Foraoiseachta agus a chinniú go bplandálfar íosmhéid de 30% de crainn leathanduilleacha go bliantúil faoi 2012. | 3.5 | **D/AFF** |
| 48 | Athbhreithniú ar na cláir agus ar na hAchtanna Foraoiseachta a thionscnamh le cuspóirí sóisialta agus comhsaoil inbhuanaithe a léiriú. | 1.9 | **D/AFF**<br>A.G. |

Statement of Stat Artwork-Annex1/Irish:Layout 1 07/03/2008 14:22 Page 8

| Uimh | Gealltanas PfG | Gníomh Straitéiseach | An Roinn Ceannais & Príomh-Naisc |
|---|---|---|---|
| | **Bithfhuinnimh – Deis Nua** | | |
| 49 | Plean Straitéiseach cuimsitheach a fheidhmiú leis an leas is fearr a bhaint as barraí neamhbhia le dul chun sochair dár n-earnáil fuinnimh inathnuaite dúchasach agus le astuithe gáis cheaptha teasa a laghdú. | 3.9, 3.10 | **D/CENR**<br>D/AFF<br>D/EHLG |
| 50 | Leanúint le tacaíocht a thabhairt do thaighde sna limistéir bithbhreosla agus bithmhais ionas go mbeidh ar ár gcumas freagairt go tapa do dheiseanna nua. | 1.6 | **D/AFF**<br>Teagasc,<br>COFORD |
| 51 | A chinntiú go mbíonn forbairt an bhithfhuinnimh ina leas suntasach d'fheirmeoirí agus don tuath in Éirinn. | 3.8, 3.10 | **D/AFF**<br>Teagasc |
| 52 | Tuilleadh spreagadh a dhéanamh ar fhás sailí, miscanthus agus barraí eile ar mhaithe le bithmhais. | 3.9 | **D/AFF**<br>Teagasc |
| | **An Fheirmeoireacht Orgánach & Margaí Feirmeoirí** | | |
| 53 | Tacaíocht a láidriú don earnáil orgánach tríd an Scéim REPS. | 3.3 & 3.4 | **D/AFF** |
| 54 | Tuilleadh spreagadh a dhéanamh ar dhíol díreach ón bhfeirmeoir chuig an gcustaiméir trí líonra de mhargaí feirmeoirí a athbhunú agus a chur chun cinn. | 1.5 | **Bord Bia**<br>OPW |
| | **Ag gearradh an mhaorlathais** | | |
| 55 | Oibriú go dlúth ar chlár simplithe ag leibhéal AE, leis an aidhm athrú a dhéanamh láithreach ar chóras seiceála cros-chomhlíonadh an AE. | 1.2, 4.5 | **D/AFF**<br>**Coimisiún an AE**<br>**M.S. Eile** |
| 56 | Ísliú agus sruthlíniú a dhéanamh ar na saincheisteanna airgeadais agus rialacháin atá in ndán d'fheirmeacha beaga agus do ghnónna feirme. | 4.5 | **D/AFF** |

| Uimh | Gealltanas PfG | Gníomh Straitéiseach | An Roinn Ceannais & Príomh-Naisc |
|---|---|---|---|
| 57 | Úsáid a bhaint as "seiceáil shláinte" CAP 2008 leis an mbuntáiste is fearr a fháil i dtéarmaí an ualaigh oibre páipéir a bhíonn ar fheirmeoirí a laghdú. | 1.2, 4.5 | **D/AFF**<br>Coimisiún an AE<br>M.S. Eile |
| 58 | Oibriú leis an ngrúpa feidhmithe a bhunaíodh faoin gCairt d'Fheirmeoirí le monatóireacht a dhéanamh ar thorthaí agus lena chinntiú go ndéantar athrú ar an gcairt de réir mar a bhíonn riachtanach. | 4.1, 4.2 | **D/AFF** |
| 59 | A chinntiú go lorgaítear tuairimí feirmeoirí go rianúil ar an obair pháipéar atá ceangailte le gach leasú a dhéantar ar scéimeanna. | 1.1 & 4.2 | **D/AFF** |
| | **Na Gnólachtaí Bia** | | |
| 60 | Bearta a fheidhmiú lena chinntiú go gcosnaítear agus go gcuirtear chun cinn go gníomhach íomhá margaíochta "glan agus glas" na hÉireann. | 2.8 | **Bord Bia**<br>D/AFF |
| 61 | Gach gné d'fhorbairt agus de chur chun cinn tionscal an agraibhia laistigh den Roinn Talmhaíochta agus Bia a chomhdhlúthú agus Fochoiste Comhairleach a bhunú don earnáil bia agus dí, faoi Scáth-Ghrúpa Idir Rannach ardleibhéil. | 1.3 | **D/AFF**<br>D/ETE, D/FA, An Roinn Airgeadais, D/EHLG, D/CENR, D/H & C |
| 62 | Oibriú le tionscal an bhia lena chinntiú go mbaintear amach lán-acmhainneacht na príomh-earnála dhúchasaí sin. | 1.3 & 1.4 | **D/AFF**<br>Grúpa Idir-Rannach<br>Bord Bia<br>BIM<br>Teagasc |
| 63 | Coincheap ár bhFóram Réigiúnach Bia a leathnú le fóram a fhorbairt ina mbeidh ar chumas taighdeoirí, táirgeoirí, próiséalaithe agus tomhaltóirí a bheith páirteach agus idirghníomhach ann. | 1.5 &1.8 | **Bord Bia - D/AFF**<br>BIM<br>Teagasc |
| 64 | Eascú a dhéanamh do ghnólachtaí beaga bia trí leibhéal níos airde saineolais agus tacaíochta a chur ar fáil tríd an mBord Bia. | 1.5, 1.8 | **Bord Bia - D/AFF**<br>BIM |
| 65 | Tacaíocht a thabhairt d'fhorbairt agraifhiontair bheaga agus meánmhéide agus do ghníomhaíochtaí gearra 'bia shlabhra'. | 1.5, 1.8 | **Bord Bia**<br>Teagasc<br>BIM<br>D/AFF |


Statement of Stat Artwork-Annex1/Irish:Layout 1 07/03/2008 14:22 Page 10

| Uimh | Gealltanas PfG | Gníomh Straitéiseach | An Roinn Ceannais & Príomh-Naisc |
|---|---|---|---|
| | **Ag Tacú le Feirmeoirí Óga** | | |
| 66 | Leanúint le raon tacaíochtaí a thairiscint d'fheirmeoirí óga atá ag dul ag plé leis an talmhaíocht, ar a n-áirítear oideachas, bearta cánachais agus cuidiú le gnó a thosú. | 3.1 & 3.2 | **D/AFF**<br>An Roinn Airgeadais<br>Teagasc |
| 67 | Faoiseamh dleachta stampála a choinneáil a leanann le ról tábhachtach a bheith aige i dtabhairt ar láimh feirmeacha go luath don ghlúin óg. | **An Roinn Airgeadais** | **An Roinn Airgeadais** |
| 68 | Tacú lenár bhfeirmeoirí trí bhearta a chur chun cinn a íoslaghdóidh dramhaíl thalmhaíochta agus a dhéanfaidh diúscairt éifeachtach ar dhramhaíl nach ndéanfaidh dochar don chomhshaoil, agus a sholáthróidh tacaíochtaí a éascóidh agus a chinnteoidh feidhmiú Threoracha an AE ar uisce, ar dhramhaíl, ar níotráití agus ar chomhtháthú truaillithe. | 3.1 & 3.3 | **D/EHLG**<br>D/AFF<br>Teagasc<br>EPA |
| | **Ag Cur Oiliúint ar ár bhFeirmeoirí** | | |
| 69 | Leanúint le tacaíocht a thabhairt do chúrsaí oideachais agus oiliúna d'fheirmeoirí óga agus d'fheirmeoirí fásta araon. | 1.8 | **Teagasc**<br>D/AFF |
| 70 | Maoiniú a dhéanamh ar chúrsaí forbartha tráchtála agus oideachais le feirmeoirí a réiteach le dul i mbun fiontair nua agus leis an gcuraclaim oideachais a athdhearadh leis an talmhaíocht tar éis CAP a thógáil san áireamh. | 1.8 | **Teagasc**<br>D/AFF<br>An Roinn Airgeadais |
| 71 | A chinntiú go mbíonn cúrsaí ar fáil san oíche, ag an deireadh seachtaine agus trí ríomh-fhoghlaim le héascú a dhéanamh d'fheirmeoirí páirt-aimseartha. | 1.8 | **Teagasc**<br>D/AFF |
| 71a | Siollabas nua a thabhairt isteach d'Eolaíocht Thalmhaíochta san Ardteistiméireacht - | **D/E & S** | **D/E & S** |


Statement of Stat Artwork-Annex1/Irish:Layout 1 07/03/2008 14:22 Page 11

| Uimh | Gealltanas PfG | Gníomh Straitéiseach | An Roinn Ceannais & Príomh-Naisc |
|---|---|---|---|
| 72 | Infheistíocht a dhéanamh inár gColáistí Talmhaíochta agus athstruchtúrú a dhéanamh ar an timpeallacht trína bhfaigheann siad tacaíocht. | 1.8 | **Teagasc**<br>D/AFF<br>An Roinn Airgeadais |
| 73 | An leibhéal maoinithe atá geallta faoin NDP do thaighde na hagraibhia a mhéadú go dtí níos mó ná €641 milliún, le €289 milliún eile d'infheistíocht in infrastruchtúr chaipitil agus margaíochta do thionscal an bhia. | 1.1 &1.6 | **D/AFF**<br>An Roinn Airgeadais |
| | **Nuálaíocht trí Thaighde** | | |
| 74 | A éileamh go ndéantar an maoiniú ar fad nach croí-mhaoiniú é a leithroinnt ar bhealach atá iomaíoch, a chinntíonn go mbaineann gach institiúid atá san iomaíocht d'airgeadú taighde amach na caighdeáin is airde agus go mbíonn an taighde mar shochar inláimhsithe ag leibhéal feirme agus ag leibhéal an ghnó bia. | 1.6 | **D/AFF**<br>Teagasc<br>Bord Bia<br>BIM<br>Institiúidí 3ú Leibhéal |
| 75 | A chinntiú go mbíonn mionteagaisc rialta ann d'fheirmeoirí agus do ghnólachtaí. | 1.6 | **Bord Bia**<br>D/AFF |
| | **Acmhainní Mara agus Acmhainní Nádúrtha** | | |
| 76 | Trí bhainistíocht inbhuanaithe atá bunaithe ar chomhairle eolaíoch, oibriú leis an gcuóta de 200,000 tonna a ndéanann Flít na hÉireann iascaireacht air go bliantúil a choinneáil. | 3.7 | **D/AFF**<br>MI |
| 77 | Cothabháil a dhéanamh ar na calafoirt iascaireachta ag Baile Chaisleán Bhéarra, sa Dún Mór, Binn Éadair, Na Cealla Beaga, Ros a'Mhíl agus Ceann Clochair le bheith ar chaighdeán domhanda. Na tionscadail infrastruchtúir ollmhóra ag an gCromán agus ag an gCaisléan Glas a chur chun cinn. | 3.6 | **D/AFF** |

Statement of Stat Artwork-Annex1/Irish:Layout 1 07/03/2008 14:22 Page 12



| Uimh | Gealltanas PfG | Gníomh Straitéiseach | An Roinn Ceannais & Príomh-Naisc |
|---|---|---|---|
| 78 | Tá an acmhainneacht ag gach ceann dár gCalafoirt Iascaireachta a bheith mar bhranda uathúil a bheidh aitheanta go hidirnáisiúnta. Oibreoidh BIM le Comharchumann na nIascairí chun táirgí bia mara brandáilte ó na calafoirt sin a fhorbairt. | 3.6 | **D/AFF**<br>BIM<br>Bord Bia |
| 79 | Obair athstruchtúrtha ar an bhflít a thabhairt chun críche, le ceann de na flíteanna is fearr ar domhan a chruthú a bheidh oiriúnach go hidéalach do stoic, do speicis agus do cleachtais inbhuanaithe earnáil iascaireachta nua-aimseartha. | 3.6 | **D/AFF**<br>BIM |
| 80 | Infheistíocht a dhéanamh go leanúnach i sábháilteacht don fhlít, in éagsúlacht i ngníomhaíochtaí iascaireachta cladaí agus i dturasóireacht mhara. | 3.6 | **D/AFF**<br>BIM |
| 81 | Beidh leas ann d'forbairt Bia Mara ón infheistíocht de €216 milliún faoin bPlean Forbartha Náisiúnta (NDP) nua. D'fhéadfadh sé go mbeadh €118 milliún eile ar fáil thar shaolré an phlean faoi mholtaí Cawley, a bheidh ar fáil don earnáil ar bhonn athrú forásach fíoraithe mar atá leagtha síos i dTuarascáil Cawley | 1.1, 3.6 | **D/AFF**<br>BIM |
| 82 | Feabhas a chur ar ár gcomhshaol mara trí chórais chomhshaoil agus bhainistithe cladaigh a fheidhmiú, a thacaíonn le bainistiú dramhaíola éifeachtúil, le feisteas iascaireachta nach ndéanfaidh dochar don chomhshaoil agus le nuáil i gcúrsaí teicniúla. | 3.7 | **D/AFF**<br>BIM |
| 83 | Tacú le forbairt eacnamaíochta agus shóisialta na bpobal muirí trí oiliúnt agus uasghrádú a dhéanamh ar an leibhéal scileanna atá ann cheana a sholáthar, infrastruchtúr (an slabhra soláthair) a fhorbairt agus tacú le nuálaíocht agus le forbairt táirge. | 1.6, 1.8 & 3.6 | **D/AFF**<br>BIM<br>MI |



| Uimh | Gealltanas PfG | Gníomh Straitéiseach | An Roinn Ceannais & Príomh-Naisc |
|---|---|---|---|
| 84 | Tacaíochtaí reatha a mhéadú le cuidiú le hiascairí le hathrú chuig feisteas iascaireachta nach ndéanann dochar don chomhshaol agus trealamh iascaireachta atá éifeachtúil ó thaobh breosla. Soláthróimid an uasmhéid ceadaithe de chabhair deontais do raon trealamh ó eangacha iascaireachta nach ndéanann dochar don chomhshaol go dtí córais fheistis mhonatóireachta a fheabhsaíonn éifeachtúlacht breosla. | 3.7 | **D/AFF**<br>BIM |
| 85 | Maoiniú deontais a mhéadú dár n-earnáil Uisceshaothraithe le teicneolaíocht nuálaíoch agus teicníochtaí atá inbhuanaithe ó thaobh an chomhshaoil a fhorbairt, ar a n-áirítear feirmeoireacht orgánach agus dul ag plé le speicis nua. | 3.6 | **D/AFF**<br>BIM<br>An Roinn Airgeadais |
| 86 | A chinntiú go bhfeidhmítear go hiomlán díchoimisiúnú deonach na soitheach iascaigh ar an scála a samhlaíodh i dTuarascáil Cawley agus go mbeidh sé dírithe ar shoithigh iasc geal atá níos mó, os cionn 18 méadar. Tabharfar tosaíocht níos mó sa chomhthéacs sin do chuótaí a leithroinnt ar shoithigh atá níos lú. | 3.6 | **D/AFF**<br>BIM |
| 87 | Leanúint le hoibriú le pobail chósta le limistéir chosanta mara oiriúnacha a aithint agus a ainmniú le deis a thabhairt do stoic a theacht chucu féin agus le fiadhúlra a chaomhnú. | 3.7 | **D/AFF**<br>MI |
| 88 | Féachaint lena chinntiú go dtugann Comhaontuithe Iascaigh an AE le tíortha tearcfhorbartha cosaint do riachtanais sholáthairtí éisc do dhaonraí áitiúla agus nach gcuireann siad as agus nach bhfuil siad ina mbagairt do ghníomhaíochtaí na bhflít iascaireachta traidisiúnta áitiúla. | 3.7 | **D/AFF**<br>Coimisiún an AE<br>M.S. Eile |

| Uimh | Gealltanas PfG | Gníomh Straitéiseach | An Roinn Ceannais & Príomh-Naisc |
|---|---|---|---|
| 89 | Clár breathnadóireachta a fheidhmiú ar shoithigh iascaigh na hÉireann atá páirteach in iascaireacht lena mbaineann riosca mór céiticigh ón líon éisc a ghabhtar. Déanfaidh ionadaithe na hÉireann stocaireacht freisin ag Leibhéal Eorpach le chlár breathnadóireachta níos déine a chur i bhfeidhm chun monatóireacht a dhéanamh ar céiticeach ón líon éisc a ghabhann gach flít atá páirteach in iascaireacht lena mbaineann riosca mór céiticigh ón líon éisc a ghabhtar. | 3.7 | **D/AFF**<br>BIM |
| 90 | Spreagadh agus tacaíocht a thabhairt d'fhorbairt onmhairithe bia mara a mbeidh branda breisluacha acu. | 1.8 & 3.6 | **D/AFF**<br>BIM |
| 91 | Ag teacht le forálacha ábhartha AE, córas a fheidhmiú ina ndéanfar logáil láithreach leictreonach ar an líon éisc ar fad a ghabhann agus a thugann soithigh iascaireachta i dtír i bhfarraigí na hÉireann. | 3.7 | **D/AFF**<br>SFPA |
| 92 | Feidhmeofar go hiomlán córas inriantachta leictreonach cuimsitheach do dhíolachán éisc lena chinntiú go mbeifear in ann an t-iasc ar fad atá ar díol nó a iompraítear a rianadh ar ais chuig an trálaer | 3.7 | **D/AFF**<br>SFPA |
| 93 | Cáil na hÉireann mar Scoth-Ionad do Thaighde Mara a fhorbairt tuilleadh. | 1.8 & 3.6 | **D/AFF**<br>MI |
| 94 | Tús a chur le Tionscnaimh Bhiteicneolaíochta Mara Náisiúnta ionas go mbeidh Éire ina ceannródaí domhanda san earnáil thábhachtach seo. Feicimid ról anseo d'Fhoras na Mara, don SFI, d'Fiontraíocht Éireann, don IDA agus do na hOllscoileanna. | 3.6 | **D/AFF**<br>MI<br>SFI<br>EI<br>IDA |

| Uimh | Gealltanas PfG | Gníomh Straitéiseach | An Roinn Ceannais & Príomh-Naisc |
|---|---|---|---|
| | **Saincheisteanna Idir-Rannach** | | |
| | **An Chomhpháirtíocht Shóisialta** | | |
| A | De réir théarmaí I dTreo 2016 tá an Rialtas tiomanta i dtreo breithnithe comhshaoil a chomhtháthú isteach ina gceapadh beartais agus d'fhorfheidhmiú comhshaoil níos fearr a sholáthar. Méadóidh an Rialtas, mar sin, na hacmhainní ata ar fáil do Chomhar, go háirithe le súil lena chumas tabhairt faoi anailís ar shaincheisteanna beartais agus feidhmiú beartais a fheabhsú. Lena chuid oibre a cheangal le meicníochtaí anailíseacha níos leithne agus le meicníochtaí breithniúcháin na Comhpháirtíochta Shóisialta, socrófar suas Comhar mar chomhlacht laistigh den Oifig Náisiúnta d'Fhorbairt Eacnamaíochta agus Shóisialta. I measc a chuid feidhmeanna áireofar monatóireacht a dhéanamh agus comhairle a thabhairt maidir le | | |
| | **Luach ar Airgead a Chinntiú** | | |
| B | Foilseofar Meastóireacht Cláir an NDP agus VFM agus Athbreithnithe Beartais agus seolfar chuig Roghchoistí ábhartha Oireachtais iad | 5.7 | **Na Ranna ar Fad** |
| C | Seolfaidh gach Aire isteach chuig an gCoiste Oireachtais ábhartha Ráiteas Aschuir leis na Meastúcháin Bhliantúla. Mionsonróidh seo na spriocanna aschuir do na Meastacháin agus leagfaidh Ráiteas na bliana ina dhiaidh amach an méid a baineadh amach in aghaidh na spriocanna. Cuimseoidh an próiseas seo caiteachas an NDP atá cistithe ag an Státchiste. | 5.2 | **Na Ranna ar fad** |

Statement of Stat Artwork-Annex1/Irish:Layout 1 07/03/2008 14:22 Page 16

| Uimh | Gealltanas PfG | Gníomh Straitéiseach | An Roinn Ceannais & Príomh-Naisc |
|---|---|---|---|
| | **Bainistiú na hEarnála Poiblí** | | |
| D | Tacú le róil bhainistíochta a oscailt suas tuilleadh do na hiarrathóirí cáilithe is fearr. | 5.9 | **Na Ranna ar fad** |
| E | An Córas Bainistíochta agus Forbartha Feidhmíochta (PMDS) a leathadh amach. Is uirlís riachtanach é d'fheidhmiú bainistíochta agus d'forbairt ghairme don fhoireann ar fad. Ba chóir go n-aithneoidh córas meastóireachta leanúnach gnóthachtáil den scoth agus go léireoidh sé easpa dul chun cinn. | 5.2 | **Na Ranna ar fad** |
| F | Feasúcháin a fheidhmiú i mbainistíocht acmhainní daonna a chinnteoidh go bhfaigheadh gach seirbhíseach poiblí cúnamh le forbairt chomh maith is atá ar a gcumas. | 5.9 | **Na Ranna ar fad** |
| G | Tacú le comhleantacht agus le pleanáil ghairme lena chinntiú go mbeidh neart daoine cumasacha ar fáil do cheannaireacht na hearnála poiblí sa todhchaí. | 5.9 | **Na Ranna ar fad** |
| | **Díláru** | | |
| H | Leanúint leis an dul chun cinn leis an díláru ag tógáil an Straitéis Spáis Náisiúnta san áireamh. | 5.5 | **Gach Gníomhaireacht/Roinn Ábhartha** |
| I | A chinntiú nach gá d'aon seirbhíseach poiblí glacadh le díláru in aghaidh a dtola agus go mbíonn deiseanna dul chun cinn ar fáil i gcónaí. | 5.5 | **An Roinn Airgeadais**<br>Cumann Foirne<br>Gach Gníomhaireacht/Roinn Ábhartha |
| | **Fuinneamh** | | |
| J | An Plean Gnímh Náisiúnta Bithfhuinneamh d'Éirinn a fheidhmiú go hiomlán. | 3.10 | **D/CENR**<br>D/EHLG<br>D/AFF |

Statement of Stat Artwork-Annex1/Irish:Layout 1 07/03/2008 14:22 Page 17

| Uimh | Gealltanas PfG | Gníomh Straitéiseach | An Roinn Ceannais & Príomh-Naisc |
|---|---|---|---|
| K<br>&<br>0 | Uasghrádú a dhéanamh ar éifeachtúlacht fuinnimh agus ar spáráil fuinnimh ar fud an gheilleagair le sprioc de 20% i spáráil fuinnimh a bhaint amach faoi 2020 and 33% don earnáil phoiblí.<br>agus<br>A éileamh ar an earnáil phoiblí an bealach a threorú maidir le héifeachtúlacht fuinnimh le clár éigeantach de bheartais éifeachtúlachta ar a n-áirítear úsáid aonair teas agus soilsiú in oifigí, i scoileanna agus in ospidéil agus i bhfoirgnimh phoiblí eile atá éifeachtúil ó thaobh fuinnimh le 33% a shábháil ar fhuinnimh faoi 2020. | 3.10 | **Na Ranna ar fad** |
| | **An Comhshaol** | | |
| L | Raon cuimsitheach bearta a fheidhmiú mar atá leagtha síos sa Straitéis Náisiúnta um Athrú Aeráide nua. | 3.10 | **Na Ranna ar fad** |
| M | *(Cur chuige uile-pháirtí ar spriocanna athrú aeráide a aontú)* agus sula n-aontaítear a leithéid de spriocanna, leagfaidh an Rialtas síos sprioc don riarachán seo le laghdú de 3% sa bhliain ar an meán ar ár n-astuithe gáis cheaptha teasa. | 3.10 | **D/EHLG**<br>Na Ranna ar fad |
| N | Deiseanna nua a chruthú dár bhfeirmeoirí trí thalmhaíocht a bhogadh go déchóras nua bia agus táirgeadh cumhachta. | 3.9 | **D/AFF**<br>D/CENR |
| P | Fritháireamh carbóin a éileamh ó gach aer thaisteal oifigiúil chun tacú le foraoisí uirbeacha. | 3.10 | **Na Ranna ar fad** |

| Uimh | Gealltanas PfG | Gníomh Straitéiseach | An Roinn Ceannais & Príomh-Naisc |
|---|---|---|---|
| Q | Caighdeáin níos airde cosanta uisce a fheidhmiú agus a chinntiú go bhfuil na tacaíochtaí riachtanacha ar fáil d'fheirmeoirí le hoibriú laistigh de na caighdeáin sin. | 3.10 | **D/EHLG**<br>EPA, D/AFF |
| | **Oidhreacht** | | |
| R | Oibriú le feirmeoirí agus le húinéirí eile talún trí phleananna bainistithe a fheidhmiú le cosaint fadtéarmach cheantair chaomhnaithe luachmhara a chinntiú. *(An Treoir Gnáthóga agus bearta eile caomhnaithe nádúir)* | 3.10 | **D/EHLG**<br>D/AFF |
| | **Sláinte** | | |
| S | Cuirfimid dlús le seachadadh na Straitéise Náisiúnta chun tabhairt faoin Raimhre, le grúpa idir-rannach, le feidhmiú a chinntiú, le tuarascáil rialta chuig an gComh-Aireacht. | 5.11 | **D/H&C**<br>D/AFF |
| | **Éire sa Domhan – Cúnamh Forbartha** | | |
| T | ODA a mhéadú go 0.7% de GNP faoi 2012. Beidh imlíne den sprioc don bhliain atá romhainn agus tuarascáil ar an dul chun cinn go dáta sa ráiteas Buiséid bliantúil. | 1.11 | **D/FA**<br>An Roinn Airgeadais<br>D/AFF<br>Ranna Ábhartha Eile |
| U | Gníomhú ar thorthaí an Tascfhórsa ar Ocras. | 1. 1.11 | **Níl sé foilsithe fós** |
| V | Cur chuige lánpháirtithe a ghlacadh i leith forbartha ar fud na ranna rialtais ar fad. | 1. 1.1.6 | **D/FA**<br>Na Ranna ar fad |

Statement of Stat Artwork-Annex1/Irish:Layout 1 07/03/2008 14:23 Page 19

| Uimh | Gealltanas PfG | Gníomh Straitéiseach | An Roinn Ceannais & Príomh-Naisc |
|---|---|---|---|
| | **Éire san Eoraip** | | |
| W | Tacú le gluaiseachtaí le hiomaíochas a mhéadú laistigh den Aontas trí acmhainní taighde agus eolais a fhorbairt, chomh maith le hiomaíocht a chur chun cinn. | 1.2, 1.6 | Na Ranna ar fad<br>Coimisiún an AE<br>MS eile |
| X | Seasamh láidir a thogáil chun pobail mhuirí na hÉireanna chosaint i ngach díospóireacht Iascaireachta de chuid an AE. | 1.2 | **D/AFF**<br>Coimisiún an AE<br>MS eile |
| Y | A chur faoi deara go gcloítear le comhaontuithe CAP atá ann cheana, laistigh den Aontas agus in idirbheartaíochtaí trádála. | 1.2 | **D/AFF**<br>Coimisiún an AE<br>MS eile |
| Z | Iarracht a dhéanamh go mbeidh Éire go seasta laistigh d'ardghrúpa Scórchlár Margadh inmheánach an AE a dhéanann monatóireacht ar thrasuí Threoracha AE. | 1.9 | **Na Ranna ar fad** |

Statement of Stat Artwork-Annex1/Irish:Layout 1 07/03/2008 14:23 Page 20

# IARSCRÍBHINN 2

## Sceideal de Phríomh-Fhoilseacháin na Roinne*

Agri Fhís 2015 Phean Gníomhaíochta

Tuarascāil Dhul Chun Linn Agraifhís 2015

Rāiteas Bliantūil Aschuir

Trāiteas Bliantúil Aschuir

Athbhreithniú agus Forchreathnú Bliantúil 2006/2007

Scēimeanna agus Seirbhísí

Cairt Cearta D'Fheirmeoirĺ 2005/2007

Phean Gnĺomhartha um Sheirbhĺs do Chustaiméirĺ 2005-2007

An Roinn Talmhaĺochta agus Bia Cairt do Chustaiméirĺ

An Plean Forbartha Náisiúnta 2007/2013

Clár Forbartha Tuaithe 2007 - 2013

Straitēis Eolaīochta, Teicneolaīochta agus Nuālaíochta 2006-2013

*Tá nasc gréasáin chuig gach doiciméad, nuashonraithe nuair is cuí, ar fáil sa leagan leictreonach den Ráiteas Straitéise 2008-2010

